ÁR DTÍR FÉIN.

STAD 250 SA ṖRÓS

Is féidir lár na 17ú aoise a ġlacaḋ mar cloċ míle i stair na Gaeilge. Roiṁe sin, ḃí an Ġaeilge mar teanga liteartha, teanga Cúirte, teanga riaraċáin, teanga na n-Uasal; na ḋiaiḋ sin, ṫit an stát Gaelaċ agus ṫit an Ġaeilge go dtí leibéal teanga na mboċt. Go speisialta, ṫug aireagáin na clódóireaċta buille an ḃáis do sean-litríoċt na Gaeilge. Ní raiḃ maiṫeas ar biṫ i scríḃneoireaċt próis a ṫuilleaḋ ós rud é naċ raiḃ Mainistreaċa nó scoil scríḃneoirí le cóipeanna a ḋéanaṁ de na leaḃair agus naċ raiḃ aireagáin na clódóireaċta ar fáil don Ġaeilge.

Mar sin de, ṫáinig an meaṫ go tiuḃ agus go tobann. ar litríoċt próis na Gaeilge. Cosúil le mar ċuaiġ íoraḋ an sean luċt léinn isteaċ insan Eaglais, ṫáinig an spléaċaḋ deireannaċ de litríoċt ó Eaglaisiġ agus cló-ḃuaileaḋ iad i gColáistí na nGael ṫar sáile. Aċ, ba ḃeag an méid sin. Aistriúċáin cuid acu, leaḃraí nua cúpla ceann, leaḃraí Creidiṁ, agus leaḃraí den ċineál ab ea an ċuid ba ṁó acu.

Agus ina ḋiaiḋ sin, ar feaḋ 250 bliain. ḃí litríoċt próis na Gaeilge féadaim a rá, ina stad. ,

An scríḃneoir mór deireannaċ, a scríoḃ i gcaint ṡimplí na ndaoine, ar an áḃar go raiḃ sé ag labairt leis na daoine, b'é sin an tAṫair Seaṫrún Céitinn, an fear a scríoḃ leaḃraí mór-ċliú. mar "Trí Ḃior Ġaoiṫe an Ḃáis" agus "Eoċair Sciṫ an Aifrinn." ,

Ḃí sé sin mar sompla ag scríḃneoirí ar feaḋ an 250 bliain ina raiḃ meaṫ iomlán ar litríoċt na Gaeilge.

Aċ, diaiḋ ar ndiaiḋ, ṫáinig aṫraiṫe ar an Ġaeilge ḃeo, agus níor ṫáinig aṫraiṫe ar biṫ ar scríḃneoireaċt an Ċéitinnig, agus leanaḋ den aiṫris ar stíl agus móḋcainte agus inste an Ċéitinnig, anuas go dtí tús na 20ú aoise. Agus nuair a ṫáinig an aiṫḃeoċaint féin, ṁeas cuid de na daoine nuair a tosaíoḋ ag scríoḃaḋ na Gaeilge go h-úr nua. naċ raiḃ an dara múnla nó sompla acu aċ Seaṫrún Ceitinn agus tugaḋ iarraċt ar an ċéad scríḃneoireaċt Gaeilge le linn na h-aṫḃeoċána, a scríoḃaḋ ar aiṫris stíl an Ċéitinnig féin.

Goidé mar a d'éirig leo? Cífimid insan ċéad píosa eile.

I GCOINNIḂ NA GAEILGE

BA ĠÉAR MAR LAḂAIR COṀALTAS ĊEOLTÓIRÍ NA hÉIREANN, AG CRUINNIÚ ĊOISTE CONDAE NA GAILLIṀE, DÉ SAṪAIRN SEO CAITE.

Ḃí na Teaċtaí go léir d'aon ġuṫ, go raiḃ claonaḋ an láidir i gcoinniḃ Gaeilge agus Gaelaċais ag Telefís Éireann.

Ní hé aṁáin de ṫairḃe ceol na hÉireann agus aṁránaíoċt, aċ de ṫairḃe teanga na Gaeilge ċoṁ maiṫ.

Ag cur-síos ar an teanga, rinneaḋ tagairt ar leiṫ den Late Late Show, ar na mallaiḃ agus do cláraċa Teen Talk. Cáineaḋ go géar an clár, oíċe na Bliana Úire, ó Ġaillim, agus an ċaoi a raḃar ag cur na T.A.M. ratings in iúl.

Togaḋ na hoifigí seo d'aon ġuṫ:—

Uaċtarán, Pádraic Ó hEidín, M.A., Gaillim.

Caṫaoirleaċ, M. Ó hÓgáin, O.S.

Leas-ċaṫaoirleaċ, An tUasal Mac Gaḃann, B.L., O.S., Gaillim.

Rúnaí, Colm Ó Ceallaċáin, Tuaim.

Cisteoir, Éamonn Ó Dúṫaig, Gaillim.

Cuntasóirí, M. Mac Gaḃann, Gaillim, agus B. Ní Ċuinneagáin, O.S., Ceaṫrú Rua.

LÉIĠ AMÁRAĊ

Ma's maith leat an Ghaeilge beo a labhartar i Ros Goill agus Ros Muc, i dTeilionn agus in Uibh Rathach, i gCloicheannaola agus i gCorca Duibhne, i Ros Dumhach agus sa Rinn, i nGaoth Dobhair agus i gCeathrú Rua, léifidh tú AMÁRACH.

Ma's maith leat a bheith ar an eolas fá'n Ghaeltacht agus saol na Gaeltachta agus an rud atá á rá sa Ghaeltacht léifidh tú AMÁRACH.

Ní chosnann cóip gach seachtain saor tríd an phost ach 30/-.

Líon an fhoirm thíos agus postáil inniu é le 30/-.

Ainm ... ...

Seoladh ... ...

Síntiús ... ... istigh do cóip de AMÁRACH

ó ... ... go ... ...

COṀÓRTAISÍ

Aistí is fearr ar

Sinsir

An tAṫrú san Aifreann

Sóisir:

Cead Ḃlaṫa an Earraiġ

Scoil Náisiúnta:

Naoṁ Ḃríd.

Aḃair na seaċtaine seo ċugainn—

Sinsir:

Is glas na Cnoic i ḃfad Uainn.

Sóisir:

Ní h-é lá na gaoiṫe lá na Scolb.

Scoil Náisiúnta:

Mé féin.

Aistí na seaċtaine seo le cur sa ṗost roiṁ Aoine, 19ú Feabra, máille le cupón ón eagrán seo de AMÁRAĊ.

CILL ĊARṪA

Ḃí aonaċ beag go maiṫ i gCill Ċarṫa, luaċa maiṫe aċ fíor ḃeag-án stoic ar tairiscint. Tá sé ag éirí ina nós anois ag na feirmeoirí eallaċ agus gaṁna a ḋíol le ceannaċóirí a ṫig ṫart fríd na tíṫe agus tá seo le feiceáil ar na h-aontaí. Fríd am d'féadfaḋ siad doċar a ḋéanaṁ. Stadfaiḋ ceannaċóirí a ṫeaċt ċuig na h-aontaí agus ní ḃeiḋ acu annsin aċ glacaḋ le cé biṫ a ḃeirtear daofa ó na ceannaċóirí a ṫig ṫart fríd na bailte. Ḃí iarraiḋ ṁaiṫ ar ba iontaoiġ ar luaċa timpeall £50 agus eallaċ raṁar ar idir £40 agus £50. Ċuaiġ bearraiġ duḃ bliana ṫart timpeall £40.

Ní raḃ an sneaċta coṁ h-olc i gceanntar Ġleann Ċolmcille aċ ḃí an siocán iontaċ trom ar fad le coicís anuas. Aḋṁáil go leor ḃí na bealtaí tirim ag na tús agus mar sin ní raḃ sé dáinséaraċ do ċáranna nó tráċt. Cailleaḋ cuid ṁaiṫ caoraċ san am ċéanna ar na sléiḃte leis an ḟuaċt agus an droċ aimsear.

Ḃí stad ar feaḋ tamaill ag Muileann an Cloigtí i gCill Ċar-a siocar go raḃ na máisíntí uilig gann éifeaċt nuair a ḃris an sruṫ leictreaċ. Ḃí dréimire ina ṡeasaṁ taoḃ amuiġ agus ṫit sé agus ṫug anuas leis sreang ard ċuṁaċtaċ san dóiġ naċ raḃ sruṫ ar biṫ ag dul isteaċ san ṁonarcan. Aḋṁáil go leor ní raḃ duine ar biṫ ar an dréimre ag an am. Taréis tamaill ṫáinig oiḃriṫe Ḃord Soláṫar an Leictreaċais agus ċuir siad gaċ rud ceart arís.

...Tá an tráiléir a ḃris ar ṡiúl ón ancoire i gCuan Ṫeileann ina luí go fóill ar ṫráiġ Ṫaṁnaiġ. Nuair a ċuaiġ an lánṁara amaċ ḃí na slóite ag dul a aṁarc ar an tráiléir. Deir luċt eolais gur féidir í a ċóiriú agus tarraċ a ṫaḃairt díṫe go dtí longċlós na gCealla Ḃeaga go dtí go ndéanfar deisiú iomlán uirṫi. Caiṫfear fanaċt le lánṁara raḃarta go dtí go mbeiḋ sí aḃálta dul ar an tsnáṁ arís.

BARRÚIL BÉARLÓIRÍ FÉIN

Ó Ċiarraí go Dún na nGall tá na páipéirí áitiúla go léir ar aon intinn faoi rud aṁáin ins an Ṗáipéar Ḃán. Ní leor a ḃfuil molta ann leis an Ġaeltaċt do ṡáḃáil nó fiú le meaṫ na Gaeltaċta do stopaḋ. Deir fiú na páipéirí atá i gcoinne na h-aiṫḃeoċána, an méid seo agus deir gur beag ciall atá leis an aṫḃeoċaint go dtí go mbeiḋ rud cinnte déanta le dearḃú go mairfiḋ an Ġaeltaċt. Is beag maiṫ, adeir an cuid is mó acu. a ḃeiṫ ag iarraiḋ Gaeilge a ṫaḃairt arais san áit a ḃfuil sí caillte muna féidir í a ċoiméad slán san áit a ḃfuil sí beo fós.

— — — — — — — — — — —

cupón

AMÁRAĊ 12-2-1965.

— — — — — — — — — — —

TÍR NA nÓG

COLÁISTE CRÓNA

Ára Mór,
Tirċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Saṁraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Ḃí linn ins na báidí ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis geoḃair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.

EADÁN ANFA

Ḃain Seán Ó Doṁnaill, Acla. scór 184 an ċéad duais ag imċluiċe fuist seaċtainiúil i halla Éadan Anfa. Ní raiḃ sé aċ pointe aṁáin faoi an marc don duais mór—185. Ċuaiġ an ċéad duais do na fir ċuig Donnċaḋa Ó Gallċoḃair, Na Grianáin agus an ċéad duais do na mná ċuig Náḃla Nic a' Lúin. Log na Coille. Ḃríd Ní Maolḃuaiḋ, Na Mullaíoċa, a ḃuaiḋ an crannċur.

Ag an ċluiċe seaċtainiúil fuist in halla Eadan Anfa, Ḃean Ṗádraic Uí Ḋoṁnaill, na Gleanntaí, a fuair an ċéad duais, roinnte idir í féin agus Seán Ó Baoill, Na Mullaiġ. An ċéad duais do na fir—Máirtín Ó Maolḃuaiḋ, Na Mullaí, agus do na mná, Bn. F. Breslin, Mulann Mór, agus Séamas Ó Cinnéide, Mullaiġ. Nioclás Ó Gallċoḃair, O.S., Mín an Ċait, a fuair an ċéad duais insan ċrannċur. Tá duais de £27 fá ċoinne an ċéad duine a ġeoḃas scór os cionn 183 anois.

Áḃar bróin san ċeantar an scéala go ḃfuair Máire Bn. Ṁic Loċlainn bás i nDoire. Ba duine de ṁuinntir Ṁic Monagaill í, as Mín a' Ċait.

ANAGAIRE

Duine de íoraḋ Anagoire is ea Máiréad Ní Gallċoḃair a ḃain an duais mar 'Blarney Rose' ag halla Naoṁ Máiréad. Kenning Park, Glascú, Dia Saṫairn seo ċaite. Is iníon í de Ṁáiréad Nic Giolla Ḃríde as Anagaire a ṗós Caṫal Ó Gallċoḃair as Craoslaċ agus tá a tuismiṫeoirí ina gcónaí i nDún Fionnċanḃ le roinnt blianta. , Cailín as Gaoṫ Doḃair atá ina ḃanaltra i nGlascú a ḃí san dara h-áit. Tá Máiréad Ní Ġallċoḃair ina bainistréas ar ṡiopa mór i nGlascú. Leis an ċorn fuair sí duais de £50.

Níṫear coṁḃrón annseo le Síle Ḃean Ṁic Giolla Easbaig (atá ina ċónaí in Edinburgh anois) de ṫairḃe bás a máṫara in Albain ar na mallaiḃ.

COṀAIRLEOIR CO. NUA

Le 19 ḃotaí i gcoinne 5 ċó-ṫog Coṁairle Ċo. Ḋún na nGall Séamas Ó Cléire. Taṁnaċ an tSalainn agus Béal Áṫa Seanaiġ don tsuíoċán ar an Ċoṁairle a ḃí ag Brian Mac Ruairí, a d'éag. Ṁol Criostóir Ó Gallċoḃair ⁊ ċaḃraiġ Criostóir Ó Míoċáin go gceapfaí Seán Ó Muiriġ. Taṁnaċ an tSalainn agus dúirt sé go raiḃ muinntir paróiste Inḃear ag iarraiḋ an ḟir seo. Coṁairleoir neaṁspleáċ a bea an tUasal Mac Ruairí agus ṁeas cuid de na coṁairleoirí gur coṁairleoir neaṁspleáċ a ba ċeart an có-ṫogaḋ a ṁolaḋ. Ní raiḃ aċ coṁairleoir neaṁspleáċ aṁáin ins an ċeanntair, an tUasal Anderson, agus ṁol seisean Séamas Ó Cléire, agus M. S. Meillí a ċaḃraiġ leis.

UISCE GLEANNCOLMCILLE

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. Ḋún na nGall, h-innseaḋ do S. G Orange. Co.C., nár ḃféidir dul ċun cinn leis an docuiméidí deireannaċ fá ċoinne an conraḋ do ċóras uisce Málainn Ḃeag - Málainn Mór go dtí go gceapfaí innealtóir buan agus ḃíṫear ag súil go mbéaḋ an t-innealtóir seo ag dul i gcionn oibre gan ṁoill. Ag an ċruinniú céanna ṁol an tUasal Orange go ndéanfaḋ an Coṁairle fairsingiú ⁊ leaṫanaḋ ar an ḃóṫar ag Crosaide Málainn Mór agus ó sin go dtí Málainn Ḃeag. Cuireaḋ an molaḋ ċuig an coiste gineáralta den Ċoṁairle.

TEORA IONCAIM ARDAIṪE

Ġlac Coṁairle Ċonndae Ḋún na nGall le molaḋ ó Ṡeanadóir B. Mac Loinsig ag árdú an teóra ioncaim go £832 fá ċoinne na ndeontaisí forlíonta tógáil tíṫe agus ag árdú luaċáil na ḃfeirmeoirí fá ċoinne na ndeontisí céanna go dtí £50 luaċáil. Ag caḃraḋ leis an rún dúirt Peadar Ó Duinnín go raḃ feirmeóirí le luaċáil £50 agus naċ raḃ siad aċ go díreaċ ag teaċt amaċ coṫrom.

Más aṁlaiḋ go ḃfuil sé deacair ag feirmeoirí le luaċáil £50 gléas beaṫa a ḃaint as a gcuid talaiṁ, caidé fá ḟeirmeoirí na Gaeltaċta naċ ḃfuil aċ £3 nó £4 luaċáil ar a ngaḃaltaisí?

BRÓGA SAORA

Ar ṁolaḋ ó Ṡéamas Mac Ruairí ṡocraiġ Coṁairle Co. Dún na nGall iarraiḋ ar an Roinn Leasa Ṡoisialaiġ iarratai-sí ar ḃróga saora a iarraiḋ i Meán Fómair gaċ bliain san dóiġ go ḃféadfaí na 'ḃouchers' a ṫaḃairt amaċ do na h-iarratóirí roiṁ ṫús an ġeiṁriḋ. Dúirt an tUasal Mac Ruairí faoi an scéim mar a ḃí fá láṫair go raiḃ sé go maiṫ 'un tosaí san ġeiṁreaḋ sul a raḃ na bróga le fáil.

UIḂ RAṪAĊ

Scéal bróin eile a ṫáinig go ḃfuair Seán Labelle as Baile Glas Bán i nGlascú tá seaċtain ó ṡoin. Cuireaḋ i nGlascú é. Níṫear coṁḃrón le na ḃean agus le na ḋeartáraċa agus deirfiúraċa.

Nuair a ḃí Gearóid Mac Ruaiḋ-rí, Léaḃ Garḃ, scipéar agus uainéar an tráiléar, J.F.K. amuiġ ag iascaireaċt an tseaċtain seoi caite, ḃeir sé ar iasc naċ raiḃ sé ag dúil leis. Mar ḃí scáṫ agus ḃí sé iontaċ mór ar fad. Nuair a cuireaḋ ar na meaċain é, ḃí sé os cionn 300 pt. meaċain.